Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Scéal Oilibhéir

Nuachtlitir 7-11-2019

Bus na gCos | *Walking Bus*

Tá sé i gceist againn Bus na gCos a dhéanamh gach Aoine as seo amach. Iarrtar ort éadaí oiriúnacha a chaitheamh agus an carr a fhágáil sa bhaile más féidir. Fiú mura siúlann tú ach cuid den bhealach, chabhródh sé leis an ardú feasachta. Ar an ábhar céanna, bí cinnte de le do thoil go bhfuil cóta ag do pháiste gach lá. Tá páistí áirithe ag léimt as carranna ar maidineacha breátha agus ní bhíonn aon chóta acu nuair a thagann athrú ar an aimsir níos déanaí sa lá!

*We will have our **Walking Bus** every Friday from now on. You are asked to wear appropriate clothes and leave the car at home if you can. Even if you only walk some of the way, it will help with raising awareness. On the same topic, please ensure your child has a coat with them every day, some children are jumping out of cars on mild mornings and have no coat when the weather turns later in the day!*

Rince Gaelach | *Irish Dancing*

Beidh na Ranganna ó R3 go R6 ag tosú le Rince Gaelach ar scoil gach Déardaoin le linn an lae. Ní bheidh aon chostas air seo agus níl aon ghá éadaí spóirt a chaitheamh mura bhfuil siad á gcaitheamh ar an Déardaoin ar aon nós. Is cuid den churaclam ceoil agus den churaclam corpoideachais é seo agus cabhraíonn sé linn blaiseadh de chultúr iomlán na Gaeilge a thabhairt do na páistí. Táthar ag súil leis go leanfaidh an rince aghaidh leis na bunranganna i ndiaidh na Nollag.

The Classes from R3 to R6 will begin Irish Dancing every Thursday during the school day, Ther ewill be no cost for this and there is no need to wear tracksuits unless tracksuits are being worn that day anyway. It is part of our Music and PE curriculum and assists us in giving the children a tasta of the whole Irish culture. It is hoped that the dancing will continue wit the Junior Classes after Chrisc

Dóibh siúd a bhfuil suim acu an rince a dhéanamh ar leibhéal beagáinín níos airde, beidh dhá scoil rince eagsúla, ceann amháin de chuid an CRN agus ceann eile de chuid an CLRG, ag tosú tar éis scoile ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin seo chugainn. Tá na sonraí thíos. **Tabhair faoi deara gur ceachtanna príobháideacha iad seo agus nach bhfuil aon bhaint ag an scoil leo – ní dhéanfar feitheoireacht ar pháistí idir 14:30 agus 14:45 agus is fútsa atá sé bailiú do pháiste a eagrú ag 13:30/14:30. Níl aon bhaint ag Scoil Oilibhéir le táillí ná le rud ar bith eile a bhaineann leis an ceachtanna seo.**

For those interetse din doing dancing at a slightly higher level, there will be two different dance schools, one alligned to CRN ad one alligne dto CLRG, beginning after school on Wednesday and Thursday of next week. The details are below.

Please note that these are private lessons and have no connection to the school – children will not be supervised between 14:30 and 14:45 and it is your repsonsibility to organis eyour child's collection at 13:30/14:30. Scoil Oilibhéir wil have no dealings with fees or anything else in connection to these lessons

The Masterson Academy of Irish Dance *was established in 2015 by World Championship dancer Lauren Masterson O.D.C.R.N. We are a fully inclusive school where students of all capabilities, levels and ages are catered for. Come to dance for fun and fitness or come to dance to compete, the choice is totally yours. Our school values team-work and so team dancing is included in all lessons. Classes will commence this* ***Wednesday November 13 th in the school hall from 2.45pm – 3.45pm*** *and will run weekly during the rest of the school year. Classes are €10 pay as you go. We look forward to welcoming all your little ones into our dance family.*

Scoil Rince Banbha *have been teaching Irish Dancing in the Dublin 15 community for 30 years and are now delighted to be teaching in* Scoil Oilibhéir*. Niamh Gavin TCRG will now be teaching Céili Dancing to students during school on a Thursday morning but will also have after school classes on a* ***Thursday afternoon from 2.40 for 1 hour.*** *(Children from* Naíonáin Bheaga *and* Naíonáin Mhóra *are welcome but would need to return to school at 2:40!). After school classes will cost €7 per week but will be paid by the term. (Current term, until Christmas, will be €35). You can pay by card, cash or bank transfer. After school classes will be taught through Irish as far as possible. Please see link* www.srbanbha.com/scoiloilibheir

Cumann na dTuismitheoirí | *Parents' Association*

Bhí an-rath ar an Tráth na gCeist agus gnóthaíodh €3,530.15. Táimid fíorbhuíoch de gach éinne a thacaigh leis ar aon bhealach. Tá an Cumann tar éis bogadh ar aghaidh cheana féin i dtreo na Nollag agus i dtreo an Aonaigh. Tá prócaí lasmuigh den oifig anseo agus tá tuilleadh eolais faoi sin ag bun na Nuachtlitreach seo. Tá siad ag lorg maisiúchán do na ciseáin a bheidh a gcur le chéile acu. Beidh meitheal oibre ar maidin acu gach Máirt agus Déardaoin sa scoil más mian leat rudaí ceirde a dhéanamh le díol ag an Aonach agus tá fáilte roimh chách. Beidh an tAonach féin ar an 1 Nollaig. Tá cabhair ag teastáil go géar uathu, bí i dteagmháil le do thoil. Mura bhfuil tú ag fáil r-phost an Chumainn, cuir scéala chuig cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com

The Annual Table Quiz was a roaring success and €3,530.15 was raised. We are really grateful to all who supported it in any way. The Cumann have already moved on towards Christmas and the Fair. Ther are jars available for collection outside the offig, we are looking for festive donations for the build a hamper and we are having a meitheal every Tuesday and Thursday morning to make crafts for the Aonach and all welcome. The date is Sunday 1 Dec. We really need help cplease get in touch. And if you are not receiving emails, please contact cumann.na.dtuismitheoiri.so@gmail.com

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Polasaí Úsáide Inghlactha | *Acceptable User Policy*

Rachaidh Polasaí Úsáide Inghlactha nua don bhliain seo suas ar an suíomh ar ball agus is gá é a léamh. Beidh Foirm Cheada ag dul abhaile an tsecahtain seo le síniú le go mbeidh cead ag do pháiste leanúint ar aghaidh leis an obair ar na ríomhairí.

A revised Acceptable User Policy for this year will go up on the website soon and this must be read. A Permission Form will go home to be signed so that your child will be able to continue working on the computers.

Laethanta Corpoideachais | *PE days*

Naíonáin Bheaga **Ghlasa**	-	An Luan - An Mháirt	*Monday - Tuesday*
Naíonáin Bheaga **Bhuí**	-	An Luan - An Déardaoin	*Monday -Thursday*
Naíonáin Mhóra	-	An Luan - An Chéadaoin	*Monday -Wednesday*
Rang a hAon	-	An Luan - An Chéadaoin	*Monday -Wednesday*
Rang a Dó	-	An Luan - An Déardaoin	*Monday -Thursday*
Rang a Trí	-	An Chéadaoin - Aoine	*Wednesday - Friday*
Rang a Ceathair	-	An Aoine	*Friday*
Rang a Cúig	-	An Chéadaoin - Aoine	*Wednesday - Friday*
Rang a Sé	-	An Aoine	*Friday*

Cúrsaí Spóirt | *Sporting Matters*

D'éirigh go hiontach le foireann peile na gCailíní i bPáirc an Chrócaigh roimh an sos. Níor bhuaigh siad ach d'imir siad le sprid agus beidh cuimhní acu go deo ar an lá iontach. Táimid an-bhuíoch de Mhúinteoirí Colleen agus Caitríona as an obair ar fad a dhéanamh ina gcuid ama féin. Níor éirigh leis na buachaillí Páirc an Chrócaigh a bhaint amach ach rinne na Múinteoirí Shane agus Pádhraic an obair chéanna leo agus gabhaimid buíochas leo freisin. Ba cheart go mbeadh na páistí ar fad an-bhuíoch de na tuismitheoirí iontacha atá againn sa scoil seo a thacaíonn le síobanna agus leis an spórt go ginearálta.

Our Girls' football team got on great in Croke Park before the break. They didn't win but they played with spirit and will forever have memories of a fantastic day. We are very grateful to Múinteoirí Colleeen and Caitríona for all the work they did in their own free time. Our boys didn't get to Croke Park but Múinteoirí Pádhraic and Shane did the same work with them and we thank them also. The childrne should be very grateful to out wonderful parents we have in this scholl who support with lifts and with sport in general.

Lón Sláintiúil | *Healthy Lunch*

Táimid an-bhródúil, mar scoil, as sláinte na bpáistí sa scoil. Bímid gníomhach agus bíonn nósanna maithe ite againn ar scoil. Chun é seo a dhaingniú agus le go leanfar leis na dea-nósanna seo, ba mhaith linn na rudaí seo thíos a mheabhrú daoibh. Bíonn rud nua "sláintiúil" ar an margadh gach cúpla seachtain, iarrtar ort a bheith cúramach agus fanacht amach ó rudaí leis an iomarca siúcra. Tuigimid ar fad go bhfuil sé i bhfad níos éasca páistí a spreagadh má tá gach éinne ag leanúint na dtreoracha céanna. Bíonn go leor páistí cáiréiseach agus srianta faoin mbia agus seo bealach rogha an bhia a oscailt suas dóibh. Is scil bheatha é seo, má bhíonn do pháiste ag gearán faoi, tá lánchead agat an milleán a chur ormsa!

We are very proud, as a school, or how helathy our childrne are. We are active and generally have good eating habits at school. In order to reinforce and continue with these good habits we would like to remind you below of a few things. There is some new "healthy" product on the market every couple of weeks, we ask that you are careful and avoid those thinsg with excessive sugar. We all understand that it is easier to encourage childrne ina certain direction if everyne is following the same directions. Many childrne can be fussy and restricted about food and this is a way to open up a new choice of foods for them. This is a life skill, if your child does complain about, you have full permission to blame me!

- Ceapairí/Rolla/Fillteog/Pasta ✓
- Cáis ✓
- Grán Rósta ✓
- Torthaí/glasaraí ✓
- Uisce/bainne/sú ✓
- Cnónna agus ar rudaí a bhfuil cnónna iontu ×
- Criospaí ×
- Seacláid ×
- Cácaí/brioscaí/bonnóga/aon rud leis an iomarca siúcra ×
- Iarrtar ar pháistí aon phacáistiú a thabhairt abhaile ina mbosca
- Iarrtar ar pháistí aon rud nach n-itear a thabhairt abhaile le go bhfeicfidh na tuismitheoirí
- Iarrtar oraibh buideál in-athúsáidte a úsáid don deoch

- *Sandwich/Roll/Wrap/Pasta* ✓
- *Cheese* ✓
- *Popcorn* ✓
- *Fruit/Vegetables* ✓
- *Water/milk/juice* ✓
- *Nuts or products containing nuts* ×
- *Crisps* ×
- *Chocolate* ×
- *Cakes/biscuits/buns/anything with too much sugar* ×
- *Children are asked to bring any packaging home in the box*
- *Children are asked to bring anything uneaten home so that parents can see*
- *Children are asked to use a reusable bottle for drinks*

Iontráil | *Enrolment*

Tá an Próiseas Iontrála ar oscailt ón 1 Samhain go dtí 14:30 ar an 29 Samhain. Féach ar an suíomh chun an Polasaí Iontrála agus tuilleadh eolais a fheiceáil. Tá na Foirmeacha Iarratais ann freisin. **Tugtar faoir deara go gcaithfear Foirm Iarratais a líonadh do gach páiste, fiú na páistí sin le deartháireacha/deirfiúracha sa scoil cheana féin. Tá na spriocdhátaí céanna i bhfeidhm agus pléifear le rud ar bith a thagann isteach i ndiaidh an spriochdháta mar *Iarratas Déanach. Caithfear Teastas Breithe a chur le gach iarratas.***

The Enrolment Process is open since 1 November until 14:30 on 29 November. The Enrolment Policy and other information is on the website. The Application Forms are also there. ***Please note that an Application Form must be filled out for each child, even those who have brothers or sisters in the school. The exact same deadlines apply and anything received after the deadline will be treated as a Late Application. All applications must be accompanied by a copy of Applicant's Birth Certificate.***

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Seirbhís na nArdranganna | *Senior Classes' Carol Service*

Beidh Seirbhís Carúl na nArdranganna i Séipéal Thomáis i Lóiste na Labhras ar an Déardaoin 19 Nollaig idir 20:00 agus 21:30.

The Senior Classes' Carol Service will take place in St. Thomas' Church Laurel Lodge on Thursday 19 December between 20:00 and 21:30

Bord Bainistíochta | *Board of Management*

Bhí cruinniú de thuismitheoirí na scoile roimh an sos ar an 23 Deireadh Fómhair agus toghadh Karen Uí Chaiside, gan fhreasúra, ina hAinmní na dTuismitheoirí, mar mháthair. Toghadh Pádraig Mac Sléimhne, gan fhreasúra, ina Ainmní na dTuismitheoirí, mar athair. Tá nóta thábhachtach thíos faoi ról seo Ainmnithe na dTuismitheoirí agus tá sé ríóthábhachtach go dtuigeann tuismitheoirí uilig na scoile an ról atá ag na hAinmnithe seo don Bhord Bainistíochta. Tosóidh téarma an Bhoird ar an 1 Mí na Nollag agus mairifidh sé 4 bliana. Táimid an-bhuíoch de gach duine a tháinig chun an chruinnithe.

<u>Nóta Tábhachtach</u>: Ní toscairí a gcuid toghthóirí iad comhaltaí boird. Níl aon dualgas orthu tuairisciú dá dtoghthóirí ná treoir a ghlacadh uathu faoin mbealach a gcaithfidh siad vóta ag cruinnithe Boird. D'fhéadfaí go sáródh tuairisciú den chineál sin na riachtanais rúndachta. Is faoi gach Bord atá sé cinneadh a dhéanamh faoi cad is féidir a thuairisciú agus cé a dhéanfaidh an tuairisciú, agus sa mhéid seo, is den riachtanas é plé le cúrsaí pearsanra, airgeadais agus pearsanta ag teacht le riachtanais rúndachta ábhartha. Is cinntí Boird iad cinntí a dhéantar de chomhréiteach nó le vóta. Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí aonair an Bhoird an t-ábhar a pléadh ag cruinnithe a choinneáil faoi rún mura n-aontaíonn an Bord a mhalairt agus i gcás go n-aontaítear e, níor cheart do chomhaltaí an Bhoird cáineadh poiblí a dhéanamh ar chinntí Boird ná aon rud diúltach a rá maidir leo go poiblí, beag beann ar an tuairim phearsanta atá acu féin ar an ábhar. Tá foráil in Alt 9.3 don Bhord chun tuairisc aontaithe a chur i bhfeidhm chun tacú le dea-chumarsáid le tuismitheoirí, foireann agus an pobal scoile. Ní chuirfear san áireamh sa tuairisc chomhaontaithe sonraí maidir le haon saincheisteanna nach mór a choinneáil faoi rún ag comhaltaí Boird.

Rachaidh eolas faoi bhaill an Bhoird Nua ar an suíomh nuair atá an prósieas ainmniúcháin curtha i gcrích. Táimid an-bhuíoch de bhaill uilig an Bhoird 2015-2019. Is ról deonach é seo agus bíonn baill an Bhoird an-fhlaithiúil lena gcuid ama agus lena gcuid saineolais. 'Sé an Bord atá freagrach as riaradh na scoile agus bíonn plé agus cinntí le déanamh go minic le cinntiú go bhfaigheann páistí Scoil Oilibhéir an taithí is fearr i mblianta a mbunoideachais. Rinne an Bord seo an t-uafás oibre chun fís and misean na scoile a shoiléiriú agus solathraíonn an obair sin treoir iontach dúinn amach anseo agus sinn ag iarraidh fanacht dílis d'fhís na scoil, 'sé sin;

"Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach"

There was a meeting of the school's parents before the break on the 23 October and Karen Uí Chaiside was elected unopposed as Parents' Nominee, as a mother. Pádraig Mac Sléimhne was elected, unopposed, as Parents' nominee, as a father. There is an important note below about the role of the Parent Nominnes and it's crucial that al parents in the school understand the roel of these nominees to teh Board of Management, The term of the new Board will begin on 1 December and will last 4 years.. We are very grateful to all who attended the meeting.

<u>Important Note:</u> Board members are not delegates of their electorates. They have no obligation to either report back to their electors or to take instruction from them on how to vote at board meetings. Such reporting may be a breach of confidentiality requirements. It is a matter for each Board to decide what may be reported and by whom and, in this respect, it is essential that personnel, financial and personal matters are dealt with in line with relevant confidentiality requirements. Decisions arrived at by consensus or by vote are decisions of the Board. Individual members of the Board are obliged to keep the matters discussed at meetings confidential, unless otherwise agreed by the Board and where so agreed, members of the Board must not publicly criticise or make any negative public comment about Board decisions, irrespective of their own personal views on the matter. Section 9.3 provides for the Board to put in place an agreed report to support good communications to parents, staff and the school community. The agreed report shall not include details of any issues which must remain confidential to Board members.

There will be information going on the website about the new Board when the nomination process is complete. We are very grateful to all the memebrs of the Board 2015-2019. This is a voluntary role and the member sof the Board are very generous with their time and their expertise. The Board is responsible for the running of the school and there are regularly discussions to be had and decisions to be made to ensure that the chidlren of Scoil Oilibhéir get the best experience of their primary school years. This Board did huge work to clarify the visiona nd mission of the school and this work provides great guidance for us in to the future as we try to stay true to our school vision, that is;

Nurturing and enriching each child, through the medium of Irish, to achieve their potential.

Dátaí don Dialann | *Dates for the Diary*

14-11-2019	Slisín Eolaíochta sa Leabharlann – SAOR IN AISCE | *PA Slcie of Science in teh Library – FREE EVENT*		15:00-18:30
20-11-2019	**Scoil Dúnta – Oiliúint In-seirbhíse | *School Closed – In-service training***		
27-11-2019	Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí | *Parent Teacher Meetings*	14:45-17:45	Páistí abhaile ar 14:15
28-11-2019	Cruinnithe na dTuismitheoirí – Múinteoirí | *Parent Teacher Meetings*	14:45-16:45	Páistí abhaile ar 14:15
01-12-2019	**AONACH NA NOLLAG | *Christmas Fair***		
13-12-2019	Seó na nOg | *Infants Christmas Show*		12:00-13:30
19-12-2019	Seirbhís Carúl na nArdranganna| *Senior Classes Carol Service*		20:00-21:30
	Séipéal Thomáis, Lóiste na Labhras | *St. Thomas' Church, Laurel Lodge*		
31-12-2019	Spriocdháta do Choláiste Chaisleán Cnucha 2021| *Deadline for Castleknock Colleg*e 2021		
16-01-2020	Caint do Thuismitheoirí le Fiona Forman - Weaving Well-Being | *Parents' Talk with Fiona Forman on Weaving Well-Being*		20:00
31-03-2020	Spriocdháta na n-iarratas do Choláiste Belvedere – caithfear iarratais do bhuachaillí a dhéanamh i Rang a Cúig		
	Deadline for applications to Belvedere College – applications for boys must be made in Fifth Class		
28-02-2020	Cóineartú | *Confirmation*		11:00 i Séipeál Bhríde
23-05-2020	Comaoineach | *Communion*		12:00 i Séipéal Bhríde

Cothú agus saibhriú gach páiste, trí mheán na Gaeilge, chun barr a gcumas a bhaint amach

Tá gach Lá Scoile Tábhachtach:

- Bunaigh nósanna maithe ar maidin agus san oíche le go mbeidh do leanbh ullamh don lá scoile rompu.
- Cinntigh go dtéann do leanbh ar scoil go rialta agus go leanann siad rialacha na scoile.
- Cinntigh go mbíonn do leanbh ar scoil in am agus ní déanach.
- Socraigh na coinní fiaclóra agus dochtúra lasmuigh d'uaireanta scoile nuair is féidir.
- Cuir an scoil ar an eolas i gcónaí má tá do leanbh tinn – ba cheart nóta a scríobh ar *Aladdin* chun é seo a mhíniú.
- Bí dáiríre faoin maidhtseáil – mura bhfuil do leanbh ag freastal ar an scoil mar a shíleann tú, d'fhéadfaí go bhfuil siad á gcur iad féin i gcontúirt – Cé atá leo? Cad atá á dhéanamh acu?
- Téir ar laethanta saoire teaghlaigh lasmuigh den téarma scoile.
- Bí ag caint le do leanbh faoin scoil agus léirigh suim ina gcuid oibre ar scoil (obair bhaile san áireamh).
- Freastal ar ócáidí do thuismitheoirí agus ar imeachtaí scoile.
- Tabhair moladh agus aitheantas do ghaiscí do linbh ar scoil.
- Tabhair tacaíocht i gcónaí d'fhoireann na scoile agus dá gcuid iarrachtaí plé le hiompar dúshlánach nó deacair.
- Déan aon fhadhbanna nó deacrachtaí a phlé leis an scoil – tá an fhoireann ann le cabhrú agus beimid tacúil



Scoil Oilibhéir

Ná bíodh drogall ort labhairt linn má tá deacracht ar bith agat

Every School Day Count:

- *Establish a good routine in the mornings and evenings so your child is prepared for the school day ahead.*
- *Make sure your child goes to school regularly and follows the school rules.*
- *Ensure your child arrives at school on time – not late.*
- *Arrange dental and medical appointments outside school hours when possible.*
- *Always inform the school if your child is absent due to illness – this should be followed up with a written note when your child returns to school.*
- *Take truancy seriously – if your child is not attending school as you expect they may be putting themselves at risk – Who are they with? What are they doing?*
- *Take family holidays outside term time.*
- *Talk to your child about school and take an interest in their school work (including homework).*
- *Attend parent evenings and school events.*
- *Praise and reward your child's achievements at school.*
- *Always support school staff in their efforts to control difficult or challenging behaviour.*
- *Discuss any problems or difficulties with the school – staff are there to help and will be supportive.*



Scoil Oilibhéir

Do not be afraid to ask for help if a problem arises

Slice Eolaíochta | A Slice of Science

Buail leis na hEolaithe ó Theagasc | Meet the Scientists from Teagasc

Blanchardstown Library 14th November 3pm-6.30pm

Come and meet some of the Teagasc researchers in food, horticulture and spatial science.

Find out more about the science of food and how this relates to you and what you eat. How do we use all our senses to relate to food? How clean are your hands? What makes a good steak? Get the answers to these and many more questions at this free event. You will also be able to see insects and plants up close with a microscope! Researchers will be there to talk to you about their work, and there will be an opportunity to participate and win some prizes.

All welcome to attend. No booking necessary.

teagasc

sfi Fondúireacht Eolaíochta Éireann Science Foundation Ireland

libraries. fingal.ie

Tá do chabhair uainn le do thoil!
Líon próca don "Phróca Tombola"* le haghaidh Aonach na Nollag i mbliana!

We need your help please! Fill a jar for our Jam Jar Tombola at our annual Aonach on December 1st!*

***Ar an lá, ceannaíonn daoine ticéad agus tógann siad an próca leis an uimhir atá ar an ticéad!**
On the day, folks buy a ticket and they win the jar with the matching ticket number!

Tá cúpla sampla thuas nó ar an tralaí os comhair na hoifige nó níos fearr fós, úsáid do shamhlaíocht! Is féidir leat iad a chur ar an tralaí nuair atá sé déanta agat!
There are some examples above or on the trolley outside the oifig or better still - use your imagination! You can add it to the trolley when finished!

*** Tá prócaí ar fáil ar an tralaí os comhair na hoifige muna bhfuil ceann folamh agat sa bhaile. /There are jars available on the trolley outside the oifig if you don't have an empty one at home.*

Go raibh maith agat!